AN COIMISIÚN EORPACH
AN ARD-STIÚRTHÓIREACHT UM CHEARTAS AGUS TOMHALTÓIRÍ

Ard-Stiúrthóireacht A — Ceartas sibhialta agus tráchtála
**Aonad A.1 – Ceartas sibhialta**

An Bhruiséil
JUST.A.1/LL/NA (2022)

A chara / A chara,

**Litir réamhchlabhsúir maidir le hilghearán faoi shárú líomhainte ag an nGearmáin ar rialacha AE maidir le forghníomhú breithiúnas — CHAP(2020)1541**

In 2020, fuair an Coimisiún Eorpach líon mór gearán faoi chinneadh a rinne Cúirt Bhreithiúnais Chónaidhm na Gearmáine lenar diúltaíodh breithiúnas ó Chúirt Achomhairc Kraków a fhorghníomhú, ar breithiúnas é inar rialaíodh gur sháraigh stáisiún teilifíse de chuid na Gearmáine cearta pearsanta iar-phríosúnaigh i sluachampa géibhinn agus díothaithe Auschwitz nuair a d'fhoilsigh an stáisiún an frása ‘sluachampaí díothaithe Polannacha’ ar a shuíomh gréasáin. Líomhnaítear sna gearáin gur sháraigh an Ghearmáin Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (Rialachán An Bhruiséil I), ar ina ionad a cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (Rialachán An Bhruiséil Ia).

Baineann an cás le sárú ar chearta pearsantachta an Uasail Tendera a bhásaigh in 2019 agus arbh iarphríosúnach i sluachampa Auschwitz é. Bhí sé gníomhach freisin in eagraíochtaí a dhéanann caomhnú agus cur chun cinn ar an bhfírinne stairiúil agus ar an gcuimhneamh i leith choireanna na Naitsithe sa Pholainn nuair a bhí sí faoi fhorghabháil. An 15 Iúil 2013, thagair ZDF (‘Zweites Deutsches Fernsehen’), i bhfógra ar a shuíomh gréasáin faoi chlár teilifíse, do na sluachampaí géibhinn agus díothaithe Gearmánacha a bhí ag na Naitsithe i gcríoch na Polainne nuair a bhí sí faoi fhorghabháil mar ‘shluachampaí díothaithe Polannacha’. Tar éis d’ambasáid na Polainne sa Ghearmáin idirghabháil a dhéanamh, ceartaigh ZDF an lá céanna an ráiteas sin a bhí mícheart ó thaobh na staire de. Mar sin féin, thionscain an tUasal Tendera imeachtaí breithiúnacha i gcoinne ZDF sa Pholainn as a chearta pearsantachta chun féiniúlachta náisiúnta agus dínite náisiúnta a shárú trí úsáid a bhaint as an ráiteas sin. Ina dhiaidh sin, chásaigh ZDF an ráiteas i dteachtaireacht ar a láithreán gréasáin ina ndúirt gurbh earráid é agus ghabh sé leithscéal le haon duine ar ghoill an ráiteas air. Ghabh sé a leithscéal leis an Uasal Tendera go pearsanta freisin. Rinneadh cás an Uasail Tendera a dhíbhe ag an gcéad chéim. D’éirigh go pointe lena achomharc chuig Cúirt Achomhairc Kraków. Sa bhreithiúnas ón gcúirt sin, breithiúnas a ndearnadh breithiúnas críochnaitheach de sa deireadh, ordaíodh do ZDF a leithscéal a ghabháil leis an Uasal Tendera trí dhearbhú le téacs sonrach[1] a fhoilsiú ar a phríomhshuíomh gréasáin ar feadh míosa. Bhí an

[1] Is mar a leanas atá an dearbhú: *‘Tá aiféala ar [an cosantóir] toisc go raibh san alt dar teideal “[...]”, an 15 Iúil 2013 ar an tairseach www.zdf.de, leagan mícheart a fhalsaíonn stair náisiún na Polainne trína*

breithiúnas sin faoi réir imeachtaí maidir lena fhorghníomhú sa Ghearmáin, agus tugadh na himeachtaí sin i gcrích le cinneadh ó Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhm na Gearmáine in Karlsruhe (*Bundesgerichtshof* (BGH)) inar diúltaíodh aitheantas agus forfheidhmiú. Is é an cinneadh sin de chuid BGH is ábhar don ghearán seo.

Is ar Airteagal 34(1) agus ar Airteagal 45 de Rialachán An Bhruiséil I[2] a bhunaigh BGH an cinneadh nach féidir tabhairt ar ZDF de bhreis ar a bhotún fíorais a aithint, ar botún é nach séantar, tuairim a chur in iúl mar a bheadh a thuairim féin ann, rud a bheadh i gceist dá gcuirfí iallach air an dearbhú sonrach a fhoilsiú, toisc go gcuireann an ceart bunúsach chun tuairimí a nochtadh mar a chumhdaítear i mBunreacht na Gearmáine (Grundgesetz) bac air sin agus go bhfuil sé contrártha do *ordre public* na Gearmáine.

Tráth na n-imeachtaí i gcás an Uasail Tendera, is faoi rialú Rialachán An Bhruiséil I a bhí aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála san Aontas. Sonraítear in Airteagal 45(2) den Rialachán sin nach bhféadfar i gcás ar bith athbhreithniú ó thaobh a shubstainte de a dhéanamh ar an mbreithiúnas eachtrach is ábhar d’aithint agus d’fhorghníomhú. Foráiltear le hAirteagal 34(1) den Rialachán sin nach n-aithneofar breithiúnas más follas go bhfuil aithint agus forghníomhú den sórt sin contrártha don bheartas poiblí sa Bhallstát a ndírítear air.

Tá na gearánaigh ag áitiú go sáraíonn ordú BGH an toirmeasc ar mheasúnú substainteach ar an mbreithiúnas is ábhar don nós imeachta *exequatur*. Agus a mheasúnú féin á dhéanamh ag BGH an raibh an dearbhú le téacs sonrach a ordaíodh sa bhreithiúnas Polannach fíor agus iomchuí maidir le tromchúis an tsáraithe a rinne ZDF, rinne sé measúnú substainteach ar an gcinneadh Polannach, agus bhí dearcadh difriúil aige ar an tsubstaint sa deireadh.

Ina theannta sin, ceistíonn na gearánaigh gur ‘follasach’ an chontrárthacht líomhainte idir an t-ordú ón gcúirt Pholannach a forchuireadh ar ZDF ráiteas le téacs sonrach a fhoilsiú agus rialacha na Gearmáine maidir le cosaint na saoirse chun tuairimí a nochtadh, contrárthacht a bhí ina bunús ag BGH le diúltú aitheantas a thabhairt do bhreithiúnas na Polainne.

Ar deireadh thiar, léiríonn siad amhras go bhfuil an t-ordú nach mór do ZDF a leithscéal a ghabháil i gcomhréir le treoracha diana na Cúirte Achomhairc in Kraków, go bhfuil an t-ordú sin contrártha don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a d’agair BGH na Gearmáine toisc go measann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go bhfuil an sórt sin leighis ar iarmhairtí an tsáraithe ar chearta pearsantachta i gcomhréir le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

---

*thabhairt le fios gur Polannaigh a thóg agus a d’oibrigh na sluachampaí díothaithe i Majdanek agus Auschwitz, agus gabhaimid ár leithscéal leis an Uasal K.T., duine a bhí i bpríosún i sluachampa géibhinn Gearmánach, as a chearta pearsantachta a shárú, go háirithe an fhéiniúlacht náisiúntachta (an bhraithstint go mbaineann sé le Náisiún na Polainne) agus a dhínit náisiúnta.’*

[2] Rialachán (CE) 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haitheantas agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, IO L 12, 16.1.2001, lch. 1. Rinneadh é a aisghairm le Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (Rialachán An Bhruiséil Ia), IO L 351, 20.12.2012, lch. 1, rialachán is infheidhme ón 10 Eanáir 2016.

Tá measúnú an Choimisiúin maidir leis an ábhar seo curtha in iúl aige i gcomhthéacs achainí a díríodh chuig Parlaimint na hEorpa (achainí uimh. 1311/2019):

‘Tá sé suite ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ina cuid cásdlí gur rud é, cé go bhfuil sé fós, i bprionsabal, de shaoirse ag na Ballstáit an méid a éilíonn an beartas poiblí a chinneadh de réir a dtuiscintí féin, gur leis an léirmhíniú ar an Rialachán a bhaineann teorainneacha na dtuiscintí sin[3].

Déanann cúirteanna na mBallstát an beartas poiblí a shainiú de réir na dteorainneacha a leagann CBAE síos maidir leis an méid is féidir a mheas a bheith ina shárú follasach ar an mbeartas poiblí. Gan beann ar chomhthéacs sonrach an cháis seo, ós rud é go bhfuil na córais bhunreachtúla éagsúil ó Bhallstát go chéile, d’fhéadfadh sé go mbeadh roghanna éagsúla maidir leis an leibhéal cosanta le haghaidh na gceart bunúsach atá idir lámha ag baint le cosaint na gceart pearsantachta agus le cosaint na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus shaoirse an phreasa, agus d’fhéadfadh imní dhlisteanach i ndáil leis an mbeartas poiblí a bheith ann maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas dá bharr sin.

Is cinneadh cúirte aonair é cinneadh BGH agus é bunaithe ar Rialachán An Bhruiséil I. Agraítear ann foras ceadaithe chun aithint agus forghníomhú a dhiúltú faoin Rialachán sin agus is cinneadh críochnaitheach é.

Sa chomhthéacs sin, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil léiriú leordhóthanach ann go ndearnadh sárú ar dhlí an Aontais leis an gcinneadh breithiúnach Gearmánach atá i gceist.’

Deimhníonn an Coimisiún a dhearcadh nach leor an fhianaise atá ann go ndearnadh sárú ar dhlí an Aontais leis an gcinneadh ó Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhm na Gearmáine in Karlsruhe (BGH) an 19 Iúil 2018 lenar dhiúltaigh sí breithiúnas ón gCúirt Achomhairc in Kraków an 22 Nollaig 2016 a fhorghníomhú sa Ghearmáin. Ní athraíonn barúlacha sonracha na ngearánach an measúnú sin.

Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar fhiúntas an chinnidh eachtraigh chun scrúdú a dhéanamh ar dhiúltú *ordre public*. Ní mór Airteagal 34(1) agus Airteagal 45(2) de Rialachán An Bhruiséil I a léamh le chéile, toisc go bhfuil an eisceacht beartais phoiblí ina heisceacht freisin ar an toirmeasc ar an athbhreithniú ar na forais a leagtar amach in Airteagal 45 a mhéid atá athbhreithniú den sórt sin fíor-riachtanach chun a mheas an mbeadh an aithint agus an forghníomhú contrártha go follasach don bheartas poiblí.

Thairis sin, tá ordú BGH srianta den chuid is mó do thréithriú an ráitis a forchuireadh ar an gcosantóir i gcinneadh na Cúirte Achomhairc in Kraków i bhfianaise na cosanta le haghaidh na gceart bunúsach sa Ghearmáin. Ní ghlacann sé ionad réasúnaíocht na cúirte eile ná a conclúid gur sáraíodh cearta pearsanta an ghearánaí. Ina áit sin, measann Cúirt Uachtarach na Cónaidhme nach bhfuil an ráiteas atá i gceist ina cheartú lom ar mhíchruinneas fíorais ach gurb ionann é agus nochtadh tuairime a bheadh ar an

[3]Cás 302/13, *flyLAL-Lithuanian Airlines* agus cás C-420/07, *Apostolides* mar shampla.

gcosantóir a dhéanamh mar a bheadh a dtuairim féin ann, rud a sháródh an ceart bunúsach chun tuairimí a nochtadh, mar atá cosanta sa Ghearmáin.

Maidir le líomhain na ngearánach nach gcuireann Airteagal 10 ECHR cosc le forchur leithscéil atá ar aon dul leis an gcinneadh Polannach, athdhearbhaíonn an Coimisiún go bhféadfaidh na Ballstáit roghanna éagsúla a dhéanamh maidir leis an leibhéal cosanta le haghaidh na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus shaoirse na meán chun cothromaíocht a bhaint amach idir na cearta sin agus cosaint na gceart pearsantachta, ar réimse é nach bhfuil comhchuibhithe ag dlí an Aontais. I gcomhthéacs Rialachán An Bhruiséil I, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh an réiteach arna shainaithint faoina gcóras bunreachtúil náisiúnta mar ábhar a bhaineann leis an mbeartas poiblí a shainiú de réir na dteorainneacha a leagann an Chúirt Bhreithiúnais síos. Is cosúil nach ábhartha ina leith sin an cheist an dtugann Airteagal 10 ECHR an leibhéal céanna cosanta le haghaidh na saoirse chun tuairimí a nochtadh.

I bhfianaise an mhéid sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún clabhsúr a chur ar an ngearán seo. Má bhíonn aon fhaisnéis nua ag na gearánaithe a d’fhéadfadh a bheith ábhartha i leith athmheasúnú a dhéanamh ar an ngearán seo, féadfaidh siad dul i dteagmháil leis an gCoimisiún laistigh de cheithre seachtaine ó fhoilsiú an fhógra seo, dáta a mbeidh clabhsúr curtha ar an gcás seo dá éis.

Yours faithfully,

*ríomhshínithe*
*Andreas STEIN*
Ceann Aonaid